

COMHAONTÚ COMHOIBRITHE

idir

COIMISIÚN NA MEÁN

agus

AN COIMISIÚN UM CHOSAINT SONRAÍ

Réamhrá

1. Leis an gComhaontú Comhoibrithe seo (an “**Comhaontú**”) bunaítear creat comhoibrithe idir Coimisiún na Meán (“**CnaM**”) agus an Coimisiún um Chosaint Sonraí (“**CCS**”), a dtagraítear dóibh le chéile mar na “**Páirtithe**” ar fud an doiciméid seo.
2. Téann CnaM i mbun an Chomhaontaithe seo de bhun alt 32(1) den Acht Craolacháin 2009 (arna leasú).
3. Tá na Páirtithe meáite ar chaidrimh oibre éifeachtacha a chothú, trí chultúr comhoibrithe agus comhair a chur chun cinn eatarthu go príomha.
4. Tá sé de chuspóir comhroinnte ag an gComhaontú seo caidrimh oibre dhlútha idir na Páirtithe a chumasú, lena n-áirítear malartú faisnéise iomchuí, chun cúnamh a thabhairt dóibh agus a gcuid feidhmeanna reachtúla á gcomhlíonadh. Tá sé de chuspóir comhroinnte aige freisin a léiriú cé chomh meáite atá na páirtithe ar chomhoibriú a dhéanamh go réamhghníomhach i dtaca le nithe comhleasa.
5. Aithníonn na páirtithe an tairbhe a bhaineann le fíis chomhroinnte a leagan amach sa Chomhaontú seo maidir leis an gcaidreamh leanúnach sin.
6. Beidh aon chomhoibriú agus rannpháirtíocht idir na Páirtithe faoi réir na dtosaíochtaí agus na n-acmhainní a bheidh ar fáil do gach ceann de na Páirtithe, agus beidh sé comhsheasmhach leis na ceanglais dlí uile is infheidhme, lena n-áirítear i leith faisnéis a chomhroinnt.
7. Deimhníonn na Páirtithe nár cheart aon ní sa Chomhaontú seo a léirmhíniú mar ní lena bhforchuirtear ceanglas ar na Páirtithe comhoibriú, go háirithe, in imthosca a d’fhágfadh go mbeadh a chuid nó a cuid freagrachtaí dlíthiúla á sárú ag ceachtar Páirtí lena n-áirítear ach gan bheith teoranta don mhéid seo a leanas:
 - (a) I gcás CnaM: an tAcht Craolacháin 2009, arna leasú, an tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022, arna leasú, Rialachán (AE) 2022/2065 (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha), an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha, 2024, arna leasú, Rialachán (AE) 2021/784 (an Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne) agus Rialachán (AE) 2024/1083 (an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán) agus cásdlí faoi sin; agus
 - (b) I gcás CCS: an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (Rialachán (AE) 2016/679) (“**RGCS**”), Achtanna na hÉireann um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018, an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí (Treoir (AE) 2016/680) arna trasú i ndlí na hÉireann le hAcht na hÉireann um Chosaint Sonraí, 2018 (“**ACS**”) agus Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002, arna leasú, agus arna trasú i ndlí na hÉireann le I.R. Uimh. 336/2011 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach), 2011 agus an cásdlí faoi sin; agus
 - (c) Na feidhmeanna uile a bheidh ann amach anseo, a fhéadfar a shannadh do CnaM nó CCS le feidhmiú an dlí.

Ról agus Feidhmeanna na bPáirtithe

8. Tá sainchúraimí ar leithligh agus neamhspleáchas ag na Páirtithe, agus leagtar amach iad uile i reacht.

9. Aithníonn na Páirtithe go frithpháirteach go bhfuil siad neamhspleách agus gur gá dóibh nithe a sheoladh i gcomhréir lena gcuid cumhachtaí agus freagrachtaí reachtúla faoi seach.

Ról agus feidhm CCS

10. Is comhlacht reachtúil neamhspleách é CCS a ráthaítear a chuid neamhspleáchais faoi dhlí AE. Bunaíodh é de bhun ACS agus tá sé freagrach as seasamh le ceart bunúsach daoine aonair san Aontas Eorpach (“**AE**”) chun a gcuid ceart sonraí pearsanta a chosaint. Dá réir sin, is é CCS údarás maoirseachta na hÉireann atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an dlí is infheidhme maidir le cosaint sonraí, agus as é a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear RGCS, ar a chríoch agus ar fud AE/LEE i gcás ina ngníomhaíonn sé mar Phríomhúdarás Maoirseachta faoi RGCS.

11. Tá réimse cumhachtaí reachtúla ag CCS agus úsáideann sé iad chun a chuid feidhmeanna a dhéanamh, lena n-áirítear chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) scrúdú a dhéanamh ar ghearáin ó dhaoine aonair i ndáil le sáruithe féideartha ar an dlí maidir le cosaint sonraí;
- (b) fiosruithe agus fiosrúcháin a dhéanamh maidir le sárú féideartha ar an dlí maidir le cosaint sonraí agus gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh i gcás inar gá;
- (c) feasacht agus tuiscint an phobail a chur chun cinn ar na rioscaí, na rialacha, na coimircí agus na cearta i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil;
- (d) feasacht rialaitheoirí agus próiseálaithe ar a gcuid oibleagáidí faoi RGCS a chur chun cinn, lena n-áirítear trí threoir ar ardchaighdeán a fhoilsiú agus rannpháirtíocht réamhghníomhach le heagraíochtaí na hearnála poiblí agus príobháidí; agus
- (e) comhoibriú le húdaráis cosanta sonraí AE eile, lena n-áirítear comhroinnt faisnéise leo agus cúnamh frithpháirteach a sholáthar dóibh, d’fhonn a chinntiú go ndéanfar RGCS a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach, lena n-áirítear i gcomhthéacs shásraí comhoibrithe agus comhsheasmhachta RGCS.

Ról agus feidhm CnaM

12. Is comhlacht reachtúil neamhspleách é CnaM a bunaíodh de bhun an Achta um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022. Is é atá freagrach as rialáil a dhéanamh ar chraolachán, meáin closamhairc ar éileamh, agus as creat rialála a sholáthar le haghaidh sábháilteacht ar líne in Éirinn trí, *inter alia*, cóid agus rialacha maidir le seirbhísí meán agus cóid maidir le sábháilteacht ar líne a chruthú agus a fhorfheidhmiú. Foilsíodh cóid amháin den sórt sin, an Cóid Sábháilteachta ar Líne, i mí Dheireadh Fómhair 2024.

13. Ina theannta sin, tá CnaM:

- (a) ina údarás inniúil, agus tá sé ar an gcomhordaitheoir seirbhísí digiteacha náisiúnta, chun maoirseacht a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2022/2065 (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) agus chun é a fhorfheidhmiú agus ainmnítear amhlaidh é le halt 7 den Acht Craolacháin 2009, arna leasú; agus
- (b) an t-údarás inniúil chun críocha Airteagail 12(1)(c) agus 12(1)(d) de Rialachán (AE) 2021/784 (an Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne) agus ainmnítear amhlaidh é le Rialachán 3 de I.R. Uimh. 545/2023 agus le Rialachán 3 de I.R. Uimh. 487/2024.

Raon Feidhme an Chomhoibrithe

14. Mar a luaitear thuas, comhaontaíonn na Páirtithe gurb é is cuspóir don Chomhaontú seo caidrimh oibre dhlútha a chumasú idir na Páirtithe chun cúnamh a thabhairt dóibh lena gcuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh, lena n-áirítear comhoibriú maidir le nithe comhleasa.

15. Shainnithín na Páirtithe, ar dtús, na réimsí seo a leanas mar réimsí comhleasa:

- (a) seasamh le cearta leanaí;

- (b) feasacht ar a gcuid feidhmeanna rialála faoi seach a chur chun cinn i measc an phobail i gcoitinne agus páirtithe leasmhara eile;
- (c) tacaíocht agus faisnéis a sholáthar i ndáil le fiosruithe agus gearáin; agus
- (d) comhsheasmhacht a spreagadh agus an spás digiteach á rialáil.

16. Aithníonn na Páirtithe go bhféadfaidh athrú teacht ar a réimsí comhleasanna ó am go chéile, le comhaontú na bPáirtithe.

17. Féadfaidh na Páirtithe réimsí nó tionscnaimh le haghaidh comhoibriú a shainaithint i gcomhpháirt de bhun a gcomhleasanna. Leis an gcomhar sin is féidir go n-áireofar an méid seo a leanas ach níl sé teoranta dó:

- (a) tionscnaimh teachtaireachtaí comhpháirteacha;
- (b) malartú dea-chleachtas;
- (c) malartú faisnéise maidir leis na córais agus leis na huirlisí TF agus sonraí atá ann cheana agus a d'fhorbair páirtí amháin a fhéadfaidh a bheith chun leas an pháirtí eile;
- (d) ceardlanna comhpháirteacha a eagrú le haghaidh malartú eolais;
- (e) malartú cúnamh theicniúil, lena n-áirítear eolas, saineolas agus dea-chleachtas réimse ábhar a chomhroinnt; agus/nó
- (f) aon ghníomhaíochtaí eile ar féidir gur comhleas iad don dá pháirtí, de réir mar a thiocfaidh an deis chun cinn.

18. Molann na Páirtithe obair chomhpháirteach éifeachtach a éascú de bhun a gcomhleasanna tríd an méid seo a leanas:

- (a) teacht le chéile agus cumarsáid a dhéanamh go rialta, lena n-áirítear ar leibhéal sinsearachta iomchuí, chun nithe comhleasa a phlé;
- (b) dul i gcomhairle le chéile ag céim luath maidir le haon saincheisteanna a bhféadfadh impleachtaí suntasacha a bheith acu ar an duine eile;
- (c) faiséis ábhartha a mhalartú go tráthúil, faoi réir théarmaí an Chomhaontaithe seo; agus
- (d) aon mhodhanna comhoibrithe breise a chinntí na Páirtithe go frithpháirteach.

19. I ndáil le faisnéis ábhartha a mhalartú, má mheasann Páirtí gur féidir go mbeidh an fhaisnéis a bhailigh sé nó sí iomchuí go hábhartha maidir leis an duine eile, ansin, faoi réir aon srianta dlíthiúla ar nochtadh faisnéise (cibé acu a fhorchuirtear iad le reacht nó ar shlí eile), féachfaidh sé nó sí leis an bPáirtí eile a chur ar an eolas faoi sin.

Comhroinnt Faisnéise

20. Aithníonn na Páirtithe go bhféadfar faisnéis a mhalartú eatarthu de bhun chuspóirí an Chomhaontaithe seo agus tá siad feasach go bhfuil gá le discríd agus gur gá nósanna imeachta a ghlacadh lena gcosnaítear an méid seo a leanas:

- (a) cineál rúnda faisnéise áirithe;
- (b) a gcuid oibleagáidí reachtúla, lena n-áirítear:
 - a. oibleagáidí rúndachta CCS faoi alt 26 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018; agus
 - b. oibleagáidí rúndachta CnaM faoi alt 36 den Acht Craolacháin 2009, arna leasú, agus faoi Airteagal 84 de Rialachán (AE) 2022/2065 (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha).

21. Aithníonn na Páirtithe, d'ainneoin aon fhoráil eile den Chomhaontú seo, nach bhféadfaidh siad faisnéis a nochtadh dá chéile i gcomhréir leis an gComhaontú seo ach amháin má cheadaítear dóibh déanamh amhlaidh nó má cheanglaítear orthu déanamh amhlaidh, nó mura gcoisctear orthu déanamh amhlaidh, faoi aon dlíthe is infheidhme, lena n-áirítear dualgas an chomhair dhílis faoi dhlí AE.

22. Aithnítear nach bhforchuirtear aon oibleagáid ar na Páirtithe leis an gComhaontú seo chun faisnéis a chomhroinnt le chéile. Aithnítear, thairis sin, go bhféadfadh Páirtí a éileamh go mbeidh aon chomhroinnt faisnéise faoi réir teorainneacha nó coinníollacha áirithe a bheith á gcomhaontú idir na Páirtithe, mar shampla, ionas nach sárófar ceanglais dlí is infheidhme. Comhaontófar aon teorainneacha nó coinníollacha den sórt sin idir na Páirtithe de réir an cháis.

23. Chun amhras a sheachaint, ní cheanglófar le haon ní sa Chomhaontú seo go gcomhroinnfidh CCS faisnéis i gcás ina bhféadfadh an chomhroinnt sin a bheith ar neamhréir le hoibleagáidí CCS faoi RGCS, lena n-áirítear feidhmiú an tsásra comhoibrithe agus comhsheasmhachta.

24. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéileálfadh siad le haon fhaisnéis a mheasann an Páirtí eile a bheith rúnda mar fhaisnéis rúnda, agus, go háirithe, go ndéileálfadh siad le haon fhaisnéis neamhphoiblí a mhalartaíonn siad mar fhaisnéis rúnda.

25. Más rud é go gceanglófar le dlí nochtadh faisnéise neamhphoiblí, agus/nó nochtadh aon fhaisnéise a mheasann Páirtí a bheith rúnda agus a fhaightear faoin gComhaontú seo, comhaontaíonn na Páirtithe go dtabharfaidh an Páirtí nochtá fógra don Pháirtí eile faoin nochtadh sin.

26. Úsáidfí na Páirtithe bearta láidre chun rúndacht na faisnéise a mhalartaítear idir na Páirtithe de bhun an Chomhaontaithe seo a chosaint. Ar na bearta sin, áireofar bearta slándála iomchuí chun an fhaisnéis sin a chosaint agus leo sin, ceanglófar, i measc nithe eile, ar an bPáirtí a fhaigheann an fhaisnéis (an “**Faighiteoir**”) íogaireacht na faisnéise; aon aicmiú a chuireann an Páirtí atá ag seoladh na faisnéise chuig an bPáirtí eile (an “**Seoltóir**”) i bhfeidhm; agus aon tosca eile atá ábhartha maidir le cosaint shlándáil na faisnéise a chur san áireamh.

27. I gcás ina gcomhroinnfear faisnéis rúnda idir na Páirtithe, marcálfadh an Seoltóir í leis an aicmiú slándála iomchuí.

28. I gcás ina ndéanfaidh Faighiteoir faisnéis rúnda a fhaightear ó Sheoltóir nó a chomhroinneann Seoltóir a nochtadh nó a úsáid go héagórach, tarraingeoidh an Faighiteoir aird an tSeoltóra air sin gan mhoill.

29. A mhéid atá sonraí pearsanta á bpróiseáil ag na Páirtithe de bhun an Chomhaontaithe seo, áiritheoidh siad go bhfuil an méid sin i gcomhréir leis na dlíthe uile is infheidhme a bhaineann le sonraí pearsanta a chosaint, lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (AE) 2106/679 agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018, a fhéadfar a thabhairt cothrom le dáta, a leasú nó a ionadú ó am go chéile.

Rannpháirtíocht Rialta

30. Buailfidh oifigigh na bPáirtithe le chéile go rialta agus déanfaidh siad cumarsáid, ar leibhéil sinsearachta iomchuí, agus dhá uair ar a laghad sa bhliain, chun nithe comhleasa a phlé agus déanfaidh siad cumarsáid mar a éilítear idir cruinnithe ar cibé nithe comhleasa a fhéadfaidh teacht chun cinn le linn an ghnó laethúil.

31. Cinnfear clár oibre le haghaidh na gcrúinnithe sin, a mhéid is féidir, roimh ré chun a chinntiú go bhfreastalófar orthu ag leibhéal iomchuí agus leis an saineolas iomchuí.

32. Ainmneofar na daoine seo a leanas mar an pointe teagmhála ainmnithe do na Páirtithe le haghaidh nithe faoin gcomhaontú seo:

CCS: Ceann Gnóthaí Idir-rialála
CnaM: Stiúrthóir Oibríochtaí Rialála

33. Féadfaidh gach Páirtí a phointe nó a pointe teagmhála tiomnaithe a athrú chun críocha an Chomhaontaithe seo tar éis fógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí eile.

Costais, Speansais agus Acmhainní

34. Gan dochar d’aon chomhaontú i scríbhinn ar leithligh nó mura gcomhaontaíonn na Páirtithe go frithpháirteach ar shlí eile, seasfaidh gach Páirtí a chuid nó a cuid costas agus speansas féin agus an Comhaontú seo á chur chun feidhme.

Stádas agus Éifeacht Dhlíthiúil

35. Ní eascraíonn oibleagáidí ar na Páirtithe, atá ceangailteach ó thaobh dlí, as an gComhaontú seo.

36. Ina ainneoin sin, tá na Páirtithe meáite ar aidhmeanna agus cuspóirí an Chomhaontaithe seo a shaothrú de mheon macánta agus beartaíonn siad gníomhú i gcomhréir lena théarmaí agus ar bhonn deonach.

37. I gcás ina mainneoidh CCS nó CnaM foráil den Chomhaontú seo a chomhlíonadh, ní fhágfaidh sin go gcuirfear feidhmiú aon chumhachta reachtúla arna dhéanamh ag CCS nó CnaM ó bhail.

38. Ní fheidhmeoidh an comhaontú seo chun Páirtí (nó fostaí, oifigeach nó gníomhaire de nó di) a chur faoi dhliteanas i leith aon duine as damáistí nó ar shlí eile le haghaidh aon ní a rinneadh nó a fágadh gan déanamh nach mbeadh an duine sin faoi dhliteanas ina leith amhlaidh ar shlí eile.

Fad agus Athbhreithniú

39. Tá na socruithe a chumhdaítear leis an gComhaontú seo, aon uair is féidir, leagtha amach i dtéarmaí lena soláthraítear solúbthacht leordhóthanach chun go bhforbróidh an caidreamh idir na Páirtithe i bhfianaise taithí.

40. Gabhfaidh éifeacht leis an gComhaontú seo an dáta is déanaí den dá dháta atá sínithe thíos.

41. Déanfaidh na Páirtithe athbhreithniú ar na socruithe sin cothrom bliana ón bpointe a chuaigh sé in éifeacht chun meastóireacht a dhéanamh ar a oiriúnacht leanúnach don fheidhm. Athnuafar an comhaontú seo go huathoibríoch ar feadh tréimhsí comhleantacha trí bliana ina dhiaidh sin, nó tráth níos luaithe ná sin má iarrann ceachtar Páirtí amhlaidh.

42. Is féidir go n-athrófar an Comhaontú seo, faoi réir chomhaontú an dá Pháirtí. I gcás ina molann Páirtí athrú ar an gComhaontú, cuirfidh an Páirtí sin téacs an athraithe mholta, agus na cúiseanna leis sin, faoi bhráid an Pháirtí eile, i scríbhinn.

43. Féadfaidh ceachtar páirtí an Comhaontú seo a fhoirceannadh trí fhógra trí mhí i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí eile.

Sínithe an [dáta] seo de [mhí] 2025.

Coimisinéir

Le haghaidh agus thar ceann an Choimisiúin um Chosaint Sonraí

Coimisinéir

Le haghaidh agus thar ceann an Choimisiúin um Chosaint Sonraí

Sínithe an [dáta] seo de [mhí] 2025

Coimisinéir

Le haghaidh agus thar ceann Choimisiún na Meán

[An Coimisinéir

Le haghaidh agus thar ceann Choimisiún na Meán]